CEACHT **14**

# AN NOLLAIG



**A.** Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a múineadh,
m.sh. An Nollaig, Leanbh Íosa, mainséar, crann Nollag, etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,

m.sh. Nollaig shona duit.
Slán leat.
Slán agat.

**B. Cloisteáil, Aithint, Aithris**

**Bunchomhrá**

Tá an Nollaig ag teacht. Cheannaigh Daidí crann Nollag. Tá mainséar beag ag Colm agus Nuala. Chuir Nuala an Leanbh Íosa sa mhainséar. Chuir Colm Muire agus Iósaf sa mhainséar. Tá an mainséar go hálainn.

**C. Cleachtadh**

Céard/Cad atá ag teacht?
Céard/Cad a rinne Daidí.
Céard/Cad atá ag Colm agus Nuala?
Céard/Cad a rinne Colm?
An bhfuil an mainséar go deas?

**Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,**
m.sh. Tá **mainséar/mála/cóta/liathróid,** etc. ag Colm.
Chuir Nuala **an Leanbh Íosa/Muire** sa mhainséar.

**D. Leathnú:**Amhrán
**Amhrán** (An ceol ar théip)

A Íosa bhig sa mhainséar,
Ó fóir orm anois,
A Naomh Muire, a Mháthair,
Ó fóir orm anois,
A Naomh Iósaf dhílis
Beannaigh sinn go léir,
A Íosa, a Mhuire, a Iósaf,
Ó fóir orm anois.